Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Márta 2022
(OR. en)

7424/22

CDR 38

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhalta, arna mholadh ag Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, de Choiste na Réigiún<br>- Glacadh |

1. I litir uaidh an 4 Feabhra 2022, thug Ardrúnaí Choiste na Réigiún fógra don Chomhairle go raibh Mark WEINMEISTER, comhalta de Choiste na Réigiún, ag éirí as oifig[1].

2. Faoi Airteagal 305 CFAE, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar mholtaí arna ndéanamh ag an mBallstát faoi seach.

[1] 6138/22.

3. I gcomhréir leis an bhforáil sin agus chun comhalta a chur in ionad Mark WEINMEISTER, mhol Rialtas na Gearmáine[2] Uwe BECKER, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach é agus atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa, *Staatssekretär für Europaangelegenheiten, politische Verantwortung gegenüber dem Hessischen Landtag* (Státrúnaí Gnóthaí Eorpacha, atá freagrach go polaitiúil do Pharlaimint Stát Cónaidhme Hesse), mar chomhalta de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a mholadh don Chomhairle an Cinneadh a leagtar amach in 7422/22 a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

---

[2] 7281/22.